Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí - Eispéiris Foghlama Gairmiúla do Cheannairí Scoile




## Leabhrán Foghlama Gairmiúla



# Clár Ábhair


| Eispéireas Foghlama Gairmiúla | Lch |
|---|---|
| **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí** | **3** |
| **Pleanáil Éifeachtach Ábhair sa tSraith Shinsearach a Threorú** | **14** |
| **Idirbhliain atá Ionchuimsitheach agus Comhleanúnach a Threorú** | **17** |
| **Cur chuige na Scoile Uile a Threorú chun Tacú le Comhpháirteanna Measúnaithe Breise** | **19** |

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí (OSPS)




## Leabhrán Foghlama Gairmiúla



# Ceanglais OSPS na Sraithe Sinsearaí

| Clár | Riachtanach ó: | Treoir ón tSonraíocht maidir leis an gClár | Am atá de dhíth | Príomhnótaí |
|---|---|---|---|---|
| **IB** | Meán Fómhair 2025 | Níl aon churaclam leagtha síos ach ní mór OCG a bheith san áireamh | Rang amháin in aghaidh na seachtaine (uasmhéid d'uair an chloig) | Guth an scoláire agus comhairliúchán maidir le réamhfhoghlaim in OSPS sa tSraith Shóisearach, CFL1 - Cúram Pearsanta agus Folláine agus ATF nó CFL2 - ATF, Cúram Pearsanta |
| **ATB** | Meán Fómhair 2027 (scoláirí ag dul isteach sa 5 Bliain) | Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí 2024 (CNCM) | 60 uair an chloig thar dhá bhliain | Measúnú trí 8 bPríomhthasc (íosmhéid). Is féidir le scoileanna tuairisciú ar mheasúnú agus ar fhoghlaim tríd an ghnáthchóras agus/nó teastas scoile a bhronnadh |
| **ATF** | Meán Fómhair 2025 | Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí 2024 (CNCM) | 60 uair an chloig thar dhá bhliain | Tiocfaidh an tsonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí in ionad mhodúil 1 (Oid. Sóisialta agus Sláinte 1) agus 4 (Oid. Sóisialta agus Sláinte 2) d'Oideachas Sóisialta ATF. Creidiúintí - 4 phríomhthasc ag deireadh bliain 1 (2 chreidiúint). 4 phríomhthasc ag deireadh bliain 2 (2 chreidiúint). |
| **CFL1** | Meán Fómhair 2025 | Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Cúram Pearsanta (CNCM) | Íosmhéid de 180 uair (3 mhodúl - 60 uair an ceann) | Comhlíonann Cúram Pearsanta an riachtanas OSPS |
| **CFL2** | Meán Fómhair 2025 | Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Cúram Pearsanta (CNCM) | Íosmhéid de 60 uair (1 mhodúl) | Comhlíonann Cúram Pearsanta an riachtanas OSPS |

# Iniúchadh ar OSPS na Sraithe Sinsearaí

**Tacaíonn an t-iniúchadh seo le ceannairí scoile chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar sceidealú OSPS i ngach clár na sraithe sinsearaí. Do gach ráiteas, cuir in iúl má tá an réimse Forbartha nó Le Forbairt.**

| Idirbhliain | | |
|---|---|---|
| **Seiceáil** | **Forbartha** | **Le Forbairt** |
| Tá OSPS ar an gclár ama mar chomhpháirt den Ghné Scoláire IB, 'Fás Pearsanta' ó Mheán Fómhair 2025 | | |
| Tugtar tréimhse ranga amháin in aghaidh na seachtaine dó ar an gclár ama nach mó ná aon uair an chloig | | |
| Tá soláthar spréite amach ar fud na bliana in ionad a bheith i mblocaí | | |
| Déanann guth an scoláire eolas don phleanáil (réamhfhoghlaim ó OSPS na Sraithe Sóisearaí nó ATF Cúram Pearsanta do scoláirí CFL1L2) | | |
| Sraith Shinsearach gan aon réamhtheagasc: Níl sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí in úsáid chun OSPS IB a dhearadh | | |
| Leanann OCG de bheith mar chuid den churaclam ach chan mar chuid de OSPS | | |

# Iniúchadh OSPS na Sraithe Sinsearaí

| OSPS na Sraithe Sinsearaí - an Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) | | |
|---|---|---|
| **Seiceáil** | **Forbartha** | **Le Forbairt** |
| Tá an scoil ag pleanáil don chur i bhfeidhm sainordaitheach ó Mheán Fómhair 2027 | | |
| Tá Sonraíocht Churaclaim na Sraithe Sinsearaí á leanúint | | |
| Tugtar íosmhéid de 60 uair thar an 5ú bliain agus an 6ú bliain | | |
| Má tá tréimhsí 60-nóiméad in úsáid: aon rang amháin in aghaidh na seachtaine ar an gclár ama<br>Má tá tréimhsí 40-nóiméad in úsáid: dhá rang i mbliain amháin agus rang amháin sa bhliain eile | | |
| Tá socruithe pleanála in áit don Phlean Ábhar | | |
| **OSPS na Sraithe Sinsearaí - an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)** | | |
| Tá OSPS ar an gclár ama mar ábhar aonair mar chuid den Mhodúl um Oideachas Sóisialta | | |
| Tá Sonraíocht na Sraithe Sinsearaí don OSPS 2024 á leanúint | | |
| Tugtar íosmhéid de 60 uair an chloig don gclár thar dhá bhliain | | |
| Tá socruithe pleanála in áit do Phríomhthascanna agus do chreidiúintí deimhnithe | | |

Oide

# Iniúchadh OSPS na Sraithe Sinsearaí

| Cúram Pearsanta - Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí | | |
|---|---|---|
| **Seiceáil** | **Forbartha** | **Le Forbairt** |
| Is Príomhréimse Curaclaim é an Cúram Pearsanta | | |
| Leibhéal 1: Moltar íosmhéid de 180 uair, tugtar trí mhodúl thar dhá bhliain | | |
| Leibhéal 2: Moltar íosmhéid de 60 uair, aon mhodúl amháin thar dhá bhliain | | |
| Comhlíonann soláthar an riachtanas OSPS do na scoláirí seo | | |
| Ardleibhéal comhoibrithe idir an fhoireann OSPS, an Fhoireann MOS agus tuismitheoirí/caomhnóirí | | |
| Tá próiseas agus struchtúr in áit le haghaidh fianaise ar an bhfoghlaim trí phunann | | |
| Deartha go mbeidh an fhoghlaim comhtháite sna hábhair, ag tacú le scoláirí de réir mar is cuí, chun dul i ngleic lena gcuid foghlama taobh lena gcomhscoláirí. | | |

# Liosta de Phríomhthascanna

Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích na bPríomhthascanna Lch. 4

**Tábla 1: Liosta na bPríomhthascanna**

| Príomhthasc | Nasc le Snáithe | ✓ |
|---|---|---|
| Bhailigh mé eolas ar na gnéithe a imríonn tionchar ar shláinte iomlánaíoch agus réitigh mé plean le gné amháin de mo shláinte a fheabhsú. | Snáithe 1 | |
| Rinne mé cairt/póstaer/grafaic/bileog eolais/grafaic faisnéise/físeán leis an difríocht idir lagbhríoch agus dúlagar a mhíniú agus thug mé treoir maidir le cá háit agus conas is féidir le daoine óga cabhair agus tacaíocht iontaofa a fháil má tá siad buartha faoina meabhairshláinte féin nó faoi mheabhairshláinte duine éigin eile. | Snáithe 1 | |
| Réitigh mé cur i láthair gearr ar ghné thábhachtach amháin a imríonn tionchar ar fholláine mhothúchánach daoine óga agus rinne mé machnamh ar a gciallaíonn sé sin domsa. | Snáithe 1 | |
| Chuir mé liosta nodanna le chéile maidir le conas a bheith sábháilte agus tú amuigh go sóisialta agus chuir mé comhairle ann maidir le céard is féidir a dhéanamh má bhím féin nó duine a bhfuil aithne agam air i gcruatan. | Snáithe 1 | |
| Bhailigh mé eolas maidir le cumhacht an chodlata, rinne mé machnamh ar a gciallaíonn sé sin domsa agus réitigh mé plean maidir le mo chodladh féin a fheabhsú, más gá. | Snáithe 1 | |
| Dhear mé feachtas feasachta do dhaoine óga ar comhaois liom inar tharraing mé aird ar na comharthaí, na baoil agus na hiarmhairtí a bhaineann le cineálacha difriúla andúile, agus conas agus cá háit le tacaíocht a lorg maidir le handúil. | Snáithe 1 | |
| Tá mé i ndiaidh éirí níos feasaí maidir le mo chuid smaointe, mothúchán agus iompraíochtaí agus tá seicliosta curtha le chéile agam maidir le straitéisí a chabhróidh liom, sílim, mé féin a bhainistiú níos fearr go mothúchánach. | Snáithe 1 | |
| Bhí mé rannpháirteach i sraith rólimirtí/cásanna inar léirigh mé conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i gcásanna éagsúla, mar shampla, le linn coimhlinte, teorainneacha á gcur in iúl, deireadh á chur le caidreamh. | Snáithe 2 | |
| Chuir mé cur i láthair gearr le chéile chun béim a leagan ar chomharthaí rabhaidh i gcaidreamh dlúthphearsanta (comharthaí de dhrochíde nó smachtú comhéigneach ina measc) agus an chaoi a mbreathnaíonn agus a mbraitheann caidrimh shláintiúla. Mar chuid de sin, thug mé treoir maidir le tacaíochtaí ábhartha. | Snáithe 2 | |
| Chruthaigh mé bileog eolais do dhaoine óga dar teideal 'Toiliú – na nithe ar gá duit a bheith ar an eolas fúthu'. | Snáithe 2 | |
| Chruthaigh mé cur i láthair gearr inar léirigh mé an chaoi a mbíonn dearcthaí dearfacha agus dochracha maidir le hinscne le feiceáil sna meáin. | Snáithe 2 | |
| Scrúdaigh mé cás-staidéir agus/nó cásanna caidrimh agus mhol mé réitigh/freagraí féideartha, bunaithe ar mheas do dhaoine eile agus bá le daoine eile. | Snáithe 2 | |

## Tábla 1: Liosta na bPríomhthascanna (ar lean)

| Príomhthasc | Nasc le Snáithe | ✓ |
|---|---|---|
| Chruthaigh mé cur i láthair gearr maidir leis an gcaoi a gcosnaíonn an dlí daoine ar chaidrimh dhróchídeacha (ina measc stalcaireacht, drochíde ar bhonn íomhánna agus foréigean teaghlaigh, gnéis agus ar bhonn inscne). | Snáithe 2 agus 3 | |
| Tá machnamh déanta agam ar na scileanna a theastóidh uaim le bheith in ann aire a thabhairt dom féin nuair a bhogaim ar aghaidh ón scoil agus tá plean curtha le chéile agam le cuid de na scileanna sin a fhorbairt agus a chleachtadh anois. | Snáithe 3 | |
| Bhailigh mé eolas maidir le grúpa amháin daoine a ndéantar leithcheal orthu agus rinne mé machnamh ar bhealaí praiticiúla inar féidir liom dlúthpháirtíocht leo a chur in iúl. | Snáithe 3 | |
| Dhear mé acmhainn, m.sh., póstaer, bileog, gearrfhíseán, srl., le mo chuid piaraí a chur ar an eolas maidir lena gcearta san ionad oibre nó maidir lena gcearta agus freagrachtaí sa chumarsáid ar líne, faoin dlí. | Snáithe 3 | |
| Scríobh mé litir chugam féin agus mé 12 bhliain d'aois inar chuir mé comhairle orm féin maidir le conas teacht slán as an ógántacht, cinntí sláintiúla a dhéanamh agus gan beann a bheith agam ar aon duine. | Gach ceann de na trí shnáithe | |
| Chruthaigh mé 'clár fógraí' de shuíomhanna gréasáin, seirbhísí agus tacaíochtaí ábhartha, iontaofa agus úsáideacha maidir leis an tsláinte agus folláine a mbeadh sé cabhrach do dhaoine óga eolas a bheith acu orthu. | Gach ceann de na trí shnáithe | |

# Ag Tacú le Soláthar OSPS i do scoileanna do do scoláirí

**Bunús na Ceannaireachta**

- An bhfuil comhordaitheoir OSPS agus príomhfhoireann ann a thagann le chéile leis an gceannaireacht shinsearach go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar?
- An ndéantar aon phlé le múinteoirí sula dtugtar OSPS dóibh?
- An dtugtar an méid ama cuí don OSPS agus don phleanáil chomhoibríoch?
- An gcumasaítear múinteoirí OSPS chun tabhairt faoin phleanáil chomhoibríoch ar dhóigh atá ar aon chéim le hábhair eile?

**Inniúlacht na Múinteoirí a Thógáil**

- An mbaintear úsáid as múinteoirí a bhfuil suim acu agus a bhfuil an uasoiliúint chuí acu chun OSPS a theagasc?
- An dtugtar spreagadh agus éascú do mhúinteoirí chun dul i ngleic le foghlaim ghairmiúil leanúnach?
- An mbaintear úsáid straitéiseach as foghlaim ghairmiúil chun inniúlacht na scoile uile maidir le OSPS a thógáil agus a chothú?

**Ag Obair Le Chéile**

- An mbíonn deiseanna rialta ag múinteoirí OSPS (foirmealta agus neamhfhoirmealta) don phleanáil chomhoibríoch agus don phlé gairmiúil?
- An bhfuil tacaíochtaí cuí ann chun cuidiú le múinteoirí athmhachnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris ranga agus iad sin a ghlacadh isteach?
- An bhfuil an comhordaitheoir mar bhall d'fhoirne cuí na scoile uile nó an dtéitear i gcomhairle leo?
- Cad iad na struchtúir atá in áit chun guth fiúntach agus rannpháirtíocht na scoláirí a chinntiú i bpleanáil agus in athbhreithniú OSPS?
- Cad iad na struchtúir atá in áit chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an gcuraclam OSPS?

**Cultúr agus Inbhuanaitheacht**


- An bhfuil na polasaithe OSPS OCG in áit, suas chun dáta agus ailínithe le polasaithe eile na scoile atá ábhartha?
- An bhfuil plean ábhair OSPS ag leibhéal roinne faoi láthair?
- An bhfuil OSPS mar chuid de chur chuige scoile uile maidir le folláine?
- An bhfuil pleanáil in áit d'inbhuanaitheacht agus do theagasc an OSPS sa todhchaí (pleanáil chomhleantachta)?

# Príomhdhoiciméid chun Tacú le Ceannairí Sinsearacha chun OSPS na Sraithe Sinsearaí a chur i bhFeidhm


| Príomhdhoiciméad | An fáth a bhfuil sé tábhachtach |
|---|---|
| Ciorclán 0012/2025 | Deimhnítear go dtagann OSPS na Sraithe Sinsearaí in áit modúl 1 agus 4 d'Oideachas Sóisialta agus Sláinte ATF agus leagtar amach an t-athrú d'iarrthóirí 2025/26 |
| Ciorclán 0043/2018 | Leagtar amach cosaintí don dea-chleachtas maidir le cláir folláine/cainteoirí seachtracha a roghnú agus a úsáid lena n-áirítear don OSPS agus don OCG |
| Ciorclán 0037/2010 | Cuirtear i gcuimhne do scoileanna na dualgais maidir le polasaí OCG a fhorbairt agus OCG a chur i bhfeidhm ó bhliain 1 go bliain 6. |
| Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí (2024) | Déantar cur síos ar ábhar, na snáitheanna, intinní foghlama agus riachtanas 60-uair an chloig don ATF agus ATB |
| OSPS na Sraithe Sinsearaí:Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích na bPríomhthascanna (2024) | Mínítear ionchais an mheasúnaithe agus Príomhthascanna don ATF agus ATB |
| Ráiteas an Chláir Idirbhliana | Leagtar amach ionchais maidir le pleanáil OSPS IB |
| Guth na Scoláirí i bpleanáil OSPS IB | Tacaítear le scoileanna chun comhairliúchán structúrtha scoláirí a úsáid chun eolas a dhéanamh do phleanáil OSPS IB, ag cinntiú go dtógtar ar fhoghlaim OSPS na Sraithe Sóisearaí, go léirítear riachtanais agus spéiseanna na scoláirí agus go bhfuil sé ailínithe le hionchais phleanála atá scoláire-lárnach |
| Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Cúram Pearsanta | Leagtar amach an dóigh a gcomhlíonann scoláirí a leanann cláir foghlama Leibhéal 1 a riachtanas OSPS tríd an réimse den churaclam maidir le Cúram Pearsanta |
| Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Cúram Pearsanta | Leagtar amach an dóigh a gcomhlíonann scoláirí a leanann cláir foghlama Leibhéal 2 a riachtanas OSPS tríd an réimse den churaclam maidir le Cúram Pearsanta |
| Uirlisí úsáide OSPS CNCM (IB agus an tSraith Sinsearach) | Tacaítear le pleanáil agus cur i bhfeidhm OSPS IB agus na Sraithe Sinsearaí le treoir phraiticiúil, acmhainní ranga agus micreamhodúil atá solúbtha |


# Tacaíochtaí Foghlama Gairmiúla

## Tacú: Athrú a chur i bhFeidhm in OSPS na Sraithe Sinsearaí





## Acmhainní le Foireann Folláine *Oide* do OSPS na Sraithe Sinsearaí




| Feabhra | |
|---|---|
| Dáta | Ionad |
| 23ú Feabhra | Ionad Tacaíochta Oideachais Chontae Dhún na nGall |
| 27ú Feabhra | Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí |
| Márta | |
| Dáta | Ionad |
| 2ú Márta | Ionad Tacaíochta Oideachais na Gaillimhe |
| 5ú Márta | Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar |




| Márta | |
|---|---|
| Dáta | Ionad |
| 9ú & 10ú Márta | Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar |
| 18ú & 19ú Márta | Ionad Tacaíochta Oideachais Chontae Dhún na nGaill |
| 23ú & 24ú Márta | Ionad Tacaíochta Oideachais na Gaillimhe |
| 26ú & 27ú Márta | Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí |

Cé go bhfuil réimse leathan de dheiseanna foghlama gairmiúla ar fáil chun tacú le múinteoirí OSPS, níl sé riachtanach go mbeidh FGL atá dírithe ar OSPS curtha i gcrích ag múinteoirí sula dteagascann siad OSPS. I gCiorclán 0012/2025, déantar tagairt d'fhoghlaim ghairmiúil *Oide* atá á soláthar "chun tacú le múinteoirí OSPS na Sraithe Sinsearaí chun an tsonraíocht nua OSPS na Sraithe Sinsearaí a phleanáil, a theagasc agus a mheas", agus iarrtar ar scoileanna túsáite a thabhairt do rochtain de réir mar is féidir.

# Foghlaim Ghairmiúil Sheachtrach

| Gníomhaireacht / Clár | Fócas na Foghlama Gairmiúla | Nasc |
|---|---|---|
| Foghlaim Ghairmiúil FSS | Oiliúint chun tacú le múinteoirí a theagascann OSPS, go háirithe acmhainní a chruthaigh an FSS atá ar fáil i dtacar uirlisí OSPS (i gcomhpháirt leis an ROÓ agus CNCM). | https://hsehealthandwellbeingnews.com |
| NEART | Clár náisiúnta de thacaíochtaí maidir le meabharshláinte agus folláine do scoileanna iar-bhunscoile (comhoibriú idir Jigsaw agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais /ROÓ). | https://jigsaw.ie/neart/ |
| DRCC – BodyRight Programme | Oiliúint do mhúinteoirí chun an clár BodyRight a éascú: toiliú, feasacht ar an bhforéigean gnéasach, dlí, teorainneacha, gnéastéacsáil agus tacaíochtaí do dhaoine óga. | https://drccportal.powerappsportals.com/Education/training_signup_bodyright/ |
| Bodywhys | Oiliúint chun tacú le scoláirí maidir le neamhoird itheacháin agus íomhá coirp atá dearfach a chur chun cinn i meánscoileanna. | https://www.bodywhys.ie |
| OCBÁC – Dioplóma Iarchéime san OSPS / OCG, Leibhéal 9 | Cáilíocht iarchéime chun tacú le múinteoirí an curaclam nua OSPS/OCG (an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach) a theagasc. | https://www.dcu.ie/courses/postgraduate/school-human-development/graduate-diploma-social-personal-and-health |
| Active* Consent | Oiliúint do mhúinteoirí dara leibhéal chun an clár Active* Consent a éascú i scoileanna (toiliú, scripteanna gnéis, noirm shóisialta). | https://www.activeconsent.ie |
| Shout Out | Tugann seisiúin oiliúna ShoutOut tuiscint chuimsitheach ar fhéiniúlacht LADTIA+, ar théarmaíocht agus ar chomhghuaillíocht. | https://www.shoutout.ie/workshops |
| Belong to | Oiliúint idirghníomhach d'oidí lena n-áirítear físeáin, gníomhaíochtaí agus quizeanna chun cur ar chumas na mball foirne éisteacht le daoine óga LADTIA+, iad a thuiscint, freagairt dóibh agus tacú leo. | https://www.belongto.org |

# Iniúchadh Ullmhachta maidir le OSPS na Sraithe Sinsearaí

Tugann an leathanach oibre seo tacaíocht do cheannairí scoile chun machnamh a dhéanamh ar chleachtas reatha agus chun tosaíochtaí a aithint chomh maith leis na chéad chéimeanna eile do phleanáil agus do chur i bhfeidhm OSPS na Sraithe Sinsearaí.

**1. Láidreachtaí Reatha**

Cad é atá in áit cheana féin inár scoil a thacóidh le cur i bhfeidhm éifeachtach OSPS? m.sh. struchtúir folláine atá ann cheana féin, saineolas na foirne, guth na scoláirí, polasaithe)

**2. Réimsí le Forbairt**


An bhfuil aon réimse ar leith i soláthar OSPS ina mbeidh pleanáil dhírithe nó aird cheannaireachta de dhíth? (m.sh. socrú amchláir, measúnú, muinín an mhúinteora, cumarsáid le tuismitheoirí, príomhfhoireann)

**3. Tacaíochtaí atá de Dhíth**

Ainmnigh tacaíocht(aí), acmhainn(í) nó cinneadh/cinntí a chuideodh chun an tosaíocht seo a bhogadh chun cinn. (m.sh. FGL, am pleanála, treoir ó thacair uirlisí CNCM, struchtúir cheannaireachta)

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Pleanáil Éifeachtach Ábhair sa tSraith Shinsearach a Threorú







## Leabhrán Foghlama Gairmiúla

# Pleanáil chun Tacú le Foghlaim Scoláirí

**Cuid 1: Príomh-athmhachnamh**

**Cén chuma atá ar an bpleanáil éifeachtach i do scoil?**

**Cad é mar a thacaíonn pleanáil éifeachtach ábhair le foghlaim scoláirí?**

# Deis duit féin...

Tacaíonn an leathanach oibre seo le ceannairí scoile chun machnamh a dhéanamh ar chleachtas reatha agus chun ionchais a aithint agus na chéad chéimeanna eile don phleanáil ábhair sa tSraith Shinsearach.

**Cad iad na hionchais a bheidh againn i mbliana chun pleanáil ábhair agus torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú?**

Oide


Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Idirbhliain atá Ionchuimsitheach agus Comhleanúnach a Threorú



## Leabhrán Foghlama Gairmiúla



# Athmhachnamh ar Eochairfhoghlaim

Tóg nóiméad chun athmhachnamh a dhéanamh orthu seo a leanas:
Cad é? Mar sin de? Amach anseo?

**Cad é?**
**Smaoineamh amháin maidir le Clár IB atá Iomchuimsitheach a threorú atá le tabhairt liom inniu ná...**

**Mar sin de?**
**Cé chomh hionchuimsitheach is atá ár gClár IB...?**

**Amach anseo?**
**Comhrá amháin a bheidh agam mar thoradh ar mo chuid foghlama inniu ná...**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cur chuige na Scoile Uile a Threorú chun Tacú le Comhpháirteanna Measúnaithe Breise




## Leabhrán Foghlama Gairmiúla



# Gluais

| Téarma | Cur síos |
|---|---|
| **Obair chúrsa** | is príomhghné é seo den teagasc agus foghlaim araon agus is é atá i gceist ná obair ar bith a cuireadh i gcrích thar thréimhse bhreisithe ama ina gcruthaítear mír le go ndéanfaidh an CSS measúnú seachtrach uirthi mar thoradh air. |
| **Fíordheimhniú** | próiseas ina ndéanann múinteoirí dlúthmhonatóireacht ar obair iarrthóirí agus ina ndéanann siad í a fhíordheimhniú thar chéimeanna gníomhaíochta ar leith, lena chinntiú gurb é fíor-obair agus obair ar leith an iarrthóra. Dearbhaíonn príomhoide na scoile gur cuireadh an próiseas fíordheimhnithe i gcrích i gcomhréir leis na Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa. |
| **Comhpháirt Measúnaithe Bhreise (CMB)** | Comhpháirteanna de mheasúnú seachtrach seachas an scrúdú scríofa deiridh. Tá sé mar aidhm le CMBanna measúnú a dhéanamh ar scileanna agus ar inniúlachtaí as gach sonraíocht ábhair nach bhféadfaí measúnú a dhéanamh orthu go héasca sa scrúdú scríofa deiridh. Is téarma é CMB a úsáidtear i dtaca leis na hábhair atá tugtha isteach nó a athfhorbraíodh mar chuid de chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí agus dá bhrí sin baineann siad le hábhair ábhartha in Ardteistiméireacht 2027 agus sna blianta ina dhiaidh sin. |
| **Scoil/Ionad Aitheanta** | baineann sé seo leis an suíomh (scoil nó ionad) ina dtugann iarrthóirí faoina n-obair chúrsa, ina ndéanann siad í a fhíordheimhniú agus ina gcuireann siad í isteach le measúnú a dhéanamh uirthi chuig an CSS. Is scoil nó ionad é seo atá aitheanta ag an CSS leis na scrúduithe Stáit a sheachadadh. |
| **Údarás na Scoile** | bainistíocht na scoile / an ionaid aitheanta |
| **Príomhoide na Scoile** | i rith na treorach seo, ba chóir go gclúdódh 'príomhoide' stiúrthóir ionaid nó duine eile den sórt sin atá sa phost céanna le príomhoide scoile. |
| **Múinteoir ranga** | déanann sé seo tagairt don mhúinteoir atá fostaithe ag an scoil/ionad agus atá freagrach as maoirsiú agus fíordheimhniú a dhéanamh ar an obair chúrsa ar thug iarrthóirí fúithi agus a chuir isteach í. |
| **Iarrthóirí** | scoláirí iar-bhunscoile atá curtha isteach i leith na scrúduithe Stáit. |
| **Iarrthóirí Seachtracha** | duine atá curtha isteach i leith scrúdaithe ach nach bhfuil rollaithe mar scoláire sa scoil / san ionad ina ndéanfaidh sé/sí an scrúdú. |
| **Scoil bhunaidh / ionad bunaidh** | an scoil nó an t-ionad ina bhfuil an t-iarrthóir curtha isteach lena scrúduithe scríofa a dhéanamh. |
| **Scoil/ionad óstach** | scoil nó ionad atá aitheanta ag an CSS le haghaidh na scrúduithe Stáit áit nach bhfuil iarrthóir rollaithe sa scoil, ina bhfuil obair chúrsa á déanamh le bheith curtha isteach ag an scoil seo. |
| **Sárú Rialachán** | aon iompar míchuí a dhéanann iarrthóirí, ina sáraítear na Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa dá bharr, nó aon neamhghníomh nó gníomh a dhéanann iarrthóir ina gcuirtear cosc air/uirthi na Rialacháin a chomhlíonadh a bhaineann leis an obair chúrsa a chur i gcrích agus a chur isteach. |
| **Ábhar ar an tráthchlár** | ní mór go mbeadh an t-ábhar ina bhfuil an obair chúrsa á cur i gcrích ar an tráthchlár ag an scoil/ionad, agus go mbeadh an tráthchlár ar fáil don CSS. Is féidir a cheapadh go bhfuil ranganna atá eagraithe lasmuigh den ghnáthlá scoile 'ar an tráthchlár' freisin, má tá siad á gcur ar fáil go deimhin ag údarás na scoile. |

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Gluais | 3 |
| 1. Réamhrá | 5 |
| 2. Cuspóir | 6 |
| 3. Sainmhíniú a Thabhairt ar Obair Chúrsa | 7 |
| 4. Maidir leis na Rialacha seo | 8 |
| 5. Sláine Acadúil | 9 |
| 6. Obair Chúrsa a Fhíordheimhniú | 9 |
| 7. Neamhchomhlíonadh na Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa | 10 |
| 8. An Scéim um Shocruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teistiméireachta (RACE) agus Obair Chúrsa | 11 |
| 9. Rialacha a rialaíonn glacadh le hobair chúrsa le measúnú a dhéanamh uirthi | 12 |
| 10. Ról agus Freagrachtaí | 13 |
| 11. Seacht suíomh le hobair chúrsa a fhíordheimhniú | 15 |
| 12. Nótaí maidir le Sceidealú a Dhéanamh agus Bainistíocht Ama | 16 |
| 13. Tairseach na Scoileanna | 17 |
| 14. Cabhair agus Tacaíocht | 18 |
| 15. Nós Imeachta le hobair chúrsa a ghlacadh le measúnú a dhéanamh uirthi | 20 |
| 16. Próiseas agus riachtanais ar leith maidir leis an obair chúrsa a rinneadh ar chúinsí eile a sheachadadh agus maidir le glacadh léi | 22 |
| 17. Obair chúrsa a chur isteach le measúnú a dhéanamh uirthi | 24 |
| 18. Sárú Rialachán Obair Chúrsa a bhFuil Amhras Fúthu a Phróiseáil | 26 |
| Aguisíní | 31 |
| Aguisín 1 – Treoirlínte maidir le tagairtí a dhéanamh in Obair Chúrsa an CSS | 32 |
| Aguisín 2 – Rialacha maidir le hIntleacht Shaorga (IS) a úsáid in Obair Chúrsa an CSS | 33 |
| Aguisín 3 – Ábhair ina bhfuil obair chúrsa 2026 | 37 |
| Aguisín 4 – Foirm Fíordheimhniúcháin P.2 | 38 |
| Aguisín 5 – Obair chúrsa á cur isteach ag iarrthóir seachtrach P.3 | 39 |
| Aguisín 6 – Foirm um Thuairisc ar Obair Chúrsa Neamhbharántúil P.20 | 42 |
| Aguisín 7 – Próiseas Fíordheimhniúcháin i Scoileanna: Seicliosta Molta chun tacú le Príomhoidí | 44 |
| Aguisín 8 – Foirm fíordheimhniúcháin d'Iarrthóirí le scoil a aistriú – Foirm P.4 | 46 |
| Aguisín 9 – Gníomhaíochtaí Obair Chúrsa a Chur i gCrích | 48 |
| Aguisín 10 – Treoir do Scoláirí agus a dTuismitheoirí/ Caomhnóirí, i dtaca le Teagasc Baile | 49 |

## 10.3 Ról agus freagracht an phríomhoide

I gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le cothrom na Féinne, cothromas agus oibiachtúlacht, is é ról an phríomhoide a bheith ann seasamh leis an bpróiseas atá curtha i bhfeidhm maidir leis an obair chúrsa a chur i gcrích i ngach rang lena chinntiú go gcaitear go cóir le hiarrthóirí ar leith. Is gá don phríomhoide a chinntiú freisin go gcuirtear próiseas cóir, trédhearcach agus seasmhach i bhfeidhm laistigh den scoil (féach sampla de sheicliosta in Aguisín 7). Ós rud é go mbaineann ról an phríomhoide leis an bpróiseas le hobair chúrsa a chur i gcrích, ní gá go mbeadh aon eolas ar leith faoin ábhar aige/aici.

Is gá do phríomhoidí an méid seo a leanas a chinntiú, chomh fada agus is féidir:

- Go bhfuil na múinteoirí ranga agus iarrthóirí uile ar an eola faoin bpróiseas fíordheimhniúcháin agus faoi na nósanna imeachta leis an obair chúrsa a chur isteach mar atá leagtha amach sna Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa seo.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

- Go dtuigeann na múinteoirí ranga uile an ról atá acu maidir le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar obair a n-iarrthóirí agus í a fhíordheimhniú thar roinnt céimeanna gníomhaíochta ar leith le linn na tréimhse leis an obair chúrsa i ngach ábhar a chur i gcrích.
- Go dtugann na múinteoirí ranga uile faoin ról seo go seasmhach agus go macánta thar na comhpháirteanna obair chúrsa uile.
- Go mbíonn na hábhair ina bhfuil obair chúrsa a chuirtear isteach le measúnú a dhéanamh uirthi ar an tráthchlár sa scoil agus ar fáil le go ndéanfaidh an CSS monatóireacht uirthi.
- Ag an gcéim deiridh den phróiseas fíordheimhniúcháin, go síníonn siad **Foirm Fíordheimhniúcháin P.2** (Aguisín 4), lena a dheimhniú go bhfuil siad sásta gur leanadh an próiseas lena chinntiú gurb é fíor-obair ar leith gach iarrthóra an obair agus gur cloíodh le Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa an CSS, agus go bhfuil siad sásta go ndearna an múinteoir ranga obair gach iarrthóra a fhíordheimhniú go hiomchuí.
- I gcás na n-ábhar ina gcoinnítear comhpháirt d'obair chúrsa le bheith marcáilte ag an CSS sa scoil/san ionad, ní mór d'údarás na scoile a chinntiú go ndéantar an obair chúrsa a stóráil in áit shábháilte go dtí go dtagann an próiseas scrúdúcháin (achomhairc san áireamh) chun críche.

**Tabhair faoi deara:**
Áit nach féidir an obair chúrsa deiridh a fhíordheimhniú mar fhíor-obair ar leith an iarrthóra féin, ní mór don mhúinteoir ranga agus do phríomhoide na scoile é a chur in iúl don iarrthóir agus ansin an Tuairisc maidir le hObair Chúrsa Neamhbharántúil (Próiseas P.20) a leanúint mar atá leagtha amach i gCuid 18.1 de na Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa seo.

# Aguisín 7 –
# Próiseas Fíordheimhniúcháin i Scoileanna: Seicliosta Molta chun tacú le Príomhoidí

Cuireadh an seicliosta samplach seo le chéile chun tacú le príomhoidí scoileanna lena ról a chomhlíonadh sa phróiseas fíordheimhniúcháin don obair chúrsa le measúnú a dhéanamh uirthi. Táthar le caitheamh leo seo mar threoir seachas mar thascanna riachtanacha ar leith. Tá ról agus freagrachtaí an phríomhoide scoile leagtha amach i gCuid 10 de na Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa.

**1. Sula dtosaíonn an obair chúrsa:**

| | |
|---|---|
| | A bheith ar an eolas faoi na Rialacha & Nósanna Imeachta Obair Chúrsa |
| | Socrú a dhéanamh go gcuirfear cóip de na Rialacha & Nósanna Imeachta Obair Chúrsa ar fáil do mhúinteoirí ranga |
| | Socrú a dhéanamh leis an achoimre shonrach ar ábhar ar leith agus aon ábhar tacaíochta a scaipeadh |
| | A dheimhniú gur cuireadh in iúl d'iarrthóirí maidir lena bhfreagrachtaí i dtaca le hobair chúrsa atá á déanamh agus na himpleachtaí atá ann má sháraítear na rialacháin |
| | Suíomh sábháilte a chur ar fáil le haghaidh aon ábhair obair chúrsa fhisiciúil |
| | Modh le huasdátú a dhéanamh ar an dul chun cinn a aontú idir an múinteoir agus an príomhoide (doiciméad teimpléid/cruinniú/r-phost) |

**2. I rith na tréimhse obair chúrsa:**

| | |
|---|---|
| | Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí ranga i dtaca leis an maoirseacht leanúnach ar an bhforbairt ar an obair chúrsa |
| | Plé a spreagadh le múinteoirí ranga maidir le haon chásanna nach bhfuiltear in ann maoirseacht a dhéanamh ar obair chúrsa de réir mar atá sí á forbairt ag iarrthóirí agus iad ag déanamh dul chun cinn uirthi (e.g. nuair nach gcuireann iarrthóirí obair chúrsa ar fáil do mhúinteoirí) |
| | Taifeadadh a dhéanamh d'aon ráitis maidir le sárú na rialachán |

**3. An obair chúrsa a fhíordheimhniú, a dhearbhú agus a chur isteach:**

| | |
|---|---|
| | A dheimhniú gur cuireadh i gcuimhne d'iarrthóirí maidir lena bhfreagrachtaí ó thaobh obair chúrsa agus go dtuigeann siad na himpleachtaí a bhaineann le sárú na rialachán sula síníonn siad Foirm P.2 |
| | A dheimhniú go síníonn gach iarrthóir Foirm P.2 de réir mar is cuí |
| | A chur in iúl ar an P.2 más ó scoil nó ionad eile é/í an t-iarrthóir trína chur in iúl ar cholún Fhoirm P.3 |
| | Aon scoláire ar Fhoirm P.2 a bhfuil amhras faoi/fúithi gur sháraig sé/sí rialacháin a aithint trí thic a chur i gcolún Fhoirm P.20 |

| | |
|---|---|
| | A dhearbhú gur tugadh faoi an próiseas fíordheimhniúcháin ceart trí Fhoirm P.2 a shíniú |
| | A chinntiú go bhfuil cóip d'Fhoirm P.2 curtha isteach chuig an CSS sa phost agus go gcoinnítear cóip le haghadh thaifid na scoile |
| | Socrú a dhéanamh leis an obair chúrsa dhigiteach a chur isteach trí Thairseach na Scoileanna |

# Gníomhaíocht

I ngrúpaí beaga, déan plé ar ról an mhúinteora maidir le CMBanna. Maidir le gach ceann de na ceithre lionsa, déan plé ar an dóigh ar féidir le cleachtas an mhúinteora eispéireas an scoláire a fheabhsú.

| | |
|---|---|
| **Soiléireacht**<br>• An dtuigeann na scoláirí na hionchais?<br>• An bhfuil tuiscint shoiléir ann maidir le cuspóir an CMB?<br>• An bhfuil na critéir ratha trédhearcach?<br>• An dtuigeann na scoláirí na teorainneacha atá ann maidir le tacaíocht an mhúinteora? | **Intuarthacht**<br>• An bhfuil rannpháirtíocht rialta struchtúrtha ann?<br>• An bhfuil línte ama agus sieceálacha isteach le feiceáil?<br>• An dtugtar aiseolas ag tréimhsí straitéiseacha?<br>• An bhfuil na hionchais leanúnach ar fud na n-ábhar? |
| **Cothromaíocht**<br>• An bhfuil na scoláirí trína chéile mar gheall ar éilimh éagsúla?<br>• An bhfuil leibhéal na scaflála oiriúnach, ie. gan a bheith sa bharraíocht, gan a bheith in easnamh?<br>• An gcoinníonn múinteoirí teorainneacha congarach do thaisceadh?<br>• Cad é mar a úsáidtear am ranga? | **Guth**<br>• An mothaíonn scoláirí gur féidir leo ceisteanna a chur?<br>• An dtugtar spreagadh dóibh cinntí a mhíniú agus a chosaint?<br>• An mothaíonn siad úinéireacht ar an obair?<br>• An gcuirtear ceisteanna orthu maidir leis an eispéireas? |

# Gníomhaíocht

Smaoinigh - Péireáil - Roinn

Cad iad na prótacail / cleachtais choiteanna atá de dhíth?

Cad é mar a chuirfear iad sin in iúl do scoláirí agus do thuismitheoirí?

## Ceisteanna na Scoile Uile maidir le CMBanna

| | |
|---|---|
| Cá háit a bhfuil measúnú ar nós CMBanna in úsáid inár scoil cheana féin? | |
| Cad iad na córais atá ann cheana féin a thacaíonn chun obair thionscadail a fhírdheimhniú? | |
| An dtugann Polasaí na scoile um Mheasúnú faoi phróisis CMBanna? An ndéantar tagairt don fhíordheimhniú? | |
| Cad é an tsoiléireacht agus an tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ag leibhéal na scoile uile maidir le:<br>• Tagairtí<br>• IS a úsáid<br>• Aiseolas<br>• Eile | |
| Cad é ba cheart do scoláirí agus do thuismitheoirí a thuiscint maidir le CMBanna? | |